Damhsa Tíre

An Fhoghlaim Lánpháirtithe Ábhair agus Teanga

Tá Seachtain na Gaeilge agus Lá le Pádraig buailte linn arís. Tugtar deiseanna éagsúla dúinn ag ócáidí speisialta mar seo ár n-oidhreacht, ar gcultúr agus úsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide a chur chun cinn agus a cheiliúradh le spraoi agus le fuinneamh. Cur chuige amháin chun leathnú a dhéanamh ar an méid múinteoireachta trí Ghaeilge a fhorbairt ná cur chun cinn a dhéanamh ar ábhar amháin nó codanna d'ábhair a mhúineadh trí Ghaeilge – croí-chlár leathnaithe. Laistigh den chomhthéacs ranga/scoile, ní mór comhthéacsanna agus suímh shealbhaithe a chruthú chun ionchur iontuigthe teanga chomh maith le gánna agus deiseanna a sholáthar, a spreagadh agus a stiúradh ionas go n-úsáidfeadh na páistí an Ghaeilge go nádúrtha mar mheán cumarsáide le spraoi agus le brí. Sa tsamhail a leanas cuirtear damhsa tíre (corpoideachas) i láthair chomh maith le liosta d'abairtí neamhfhoirmiúla nó cora cainte a d'fhéadfadh a bheith úsáideach don pháiste/mhúinteoir le linn an cheachta chun éifeacht in úsáid teanga a fhorbairt agus a neartú. Bainigí sult 's sásamh as!

> **"Éistigí leis an gceol – tosaígí anois"**

PORT AN FHÓMHAIR

Rang: 3 agus 4
Ceol: Poirt
Eagar: Triúr os comhair triúr. Buachaill agus beirt chailín, an buachaill sa lár, cailín ar gach láimh aige.

Céimeanna: Céim phromanáid (1,2,3), sleaschéim (Léim, a 2.3.4.5.6.7.) and céim ardaithe (tap, cic, 1,2,3).

Ranna an Damhsa

A. Isteach 's Amach
Damhsaigh Isteach 's amach faoi dhó le 1,2,3.
Le rá : Isteach, dó, trí, isteach, dó, trí, Amach, dó, trí, amach,dó, trí, Isteach ,dó, trí, isteach, dó, trí, Amach, dó, trí, amach,dó, trí.

B. Sleaschéim

TEANGA AN MHÚINTEORA

- Déanaigí dhá/trí line.
- Féach ormsa anseo agus déanfaidh muid na céimeanna le chéile ar dtús.
- An bhfuil gach duine in ann mé a fheiceáil?
- Glaofaimid amach na céimeanna le chéile.
- Éistigí leis an gceol – tosaígí anois.
- Déanaimid grúpaí seisear – beirt bhuachaill i chuile ghrúpa más féidir.
- Triúr os comhair triúr le do thoil – an buachaill sa lár.
- Beirígí greim láimhe ar a chéile.
- Sín amach do lámh dheas/chlé.
- Taispeáin dom do chos chlé/do chos dheas.
- An bhfuil sibh réidh?
- Siúlfaimid tríd ar dtús.

TEANGA AN PHÁISTE

- Cá seasfaidh muid/mé?
- Seas anseo in aice liom.
- Féach ar an múinteoir.
- Éist leis an múinteoir.
- A mhúinteoir, níl mé in ann tú a fheiceáil.
- An mar seo a dhéanann tú é?
- A mhúinteoir, an mó duine atá ag teastáil sa ghrúpa/sa líne/don damhsa seo?
- Seasaigí ós ár gcomhair /taobh thiar/in aice dúinn.
- Tabhair dom do lámh/lámh chlé/lámh dheas.
- An dtosóimid anois?
- Isteach, dó, trí, isteach, dó, trí, amach, dó,trí amach, dó,trí.
- An bhfuil muid ag dul ar dheis nó ar chlé?

PORT AN FHÓMHAIR

Sleaschéim ar dheis, ag críochnú ar an gcéim ardaithe ar an gcos dheas.
Ansin sleaschéim ar chlé, ag críochnú ar an gcéim ardaithe ar an gcos chlé.
Le rá: Léim, 2,3,4,5,6,7, tap, cic, 1,2,3
Ar ais, 2,3,4,5,6,7, tap,cic, 1,2,3.

C. Lámha Isteach(Deas)
Cuireann an seisear a lámha deasa isteach sa lár, agus
déanann siad 4 x céim phromanáid deiseal.
Cuireann an seisear a lámha clé isteach sa lár, agus déanann
siad 4 x céim phromanáid tuathal
Le rá: Lámh sa lár/2,2,3/3,2,3/4,2,3
Lámh eile sa lár/2,2,3/3,2,3/4,2,3.

D. Sleaschéim
Sleaschéim ar chlé, ag críochnú ar an gcéim ardaithe ar an gcos chlé.
Ansin sleaschéim ar dheis, ag críochnú ar an gcéim ardaithe
ar an gcos dheas
Le rá: Léim, 2, 3, 4, 5, 6, 7, tap, cic,1,2,3
Ar ais, 2, 3, 4, 5, 6, 7, tap,cic,1,2,3.
E. Lámha Isteach (Clé)
Cuireann an seisear a lámha clé isteach sa lár, agus déanann
siad 4 x céim phromanáid tuathal.
Cuireann an seisear a lámha deasa isteach sa lár, agus
déanann siad 4 x céim phromanáid deiseal.
Le rá: Lámh sa lár 2,2,3/3,2,3/4,2,3
Lámh eile sa lár 2,2,3/3,2,3/4,2,3.

Eagar:

O	X	O
O	X	O

TEANGA AN MHÚINTEORA

- Damhsaigí isteach 'is amach faoi dhó.
- Déanaigí an sleas chéim ar dheis ag críochnú leis an gcéim ardaithe agus damhsaigí ar ais.
- Déanaigí roth – cuirigí bhur lámh dheas sa lár agus damhsaigí ar aghaidh le 4x1, 2, 3, ansin athraigh lámha agus damhsaigí ar ais le 4x1, 2,3.
- Déanaigí an sleas chéim ar chlé ag críochnú leis an gcéim ardaithe agus damhsaigí ar ais.
- Déanaigí roth – cuirigí bhur lámh chlé sa lár agus damhsaigí ar aghaidh le 4x1, 2,3, ansin athraigh lámha agus damhsaigí ar ais le 4x1, 2,3.

- An bhfuil sibh réidh é a dhamhsa anois?
- Déanfaidh muid é leis an gceol.
- An bhfuil sibh tuirseach?
- Ar mhaith libh sos a thógáil?
- Ar mhaith libh deoch a fháil?
- Ar mhaith libh ceann eile a dhéanamh?

TEANGA AN PHÁISTE

- Cén treo/bealach a bhfuil muid ag dul?
- Cad a dhéanaimid anois?
- Cuir isteach do lámh eile.
- A mhúinteoir, féach anseo, an bhfuil sé i gceart againn?

Cé mhéad uair a dhéanfaidh muid é?
- Fan nóiméad – caithfidh mé mo bhróg a dhúnadh/iallacha a cheangailt.
- Ceangail m'iallacha/mo bhróg le do thoil.
- Sheas sé/sí ar mo chos.
- An bhfuil cead agam mo gheansaí a bhaint díom?

- Tá muid réidh le tosnú.
- An bhfuil cead agam sos a thógáil?
- Tá mé ag cur allais!
- An bhféadfainn deoch a fháil?
- Gabh mo leithscéal, a mhúinteoir, an bhfuil cead agam deoch a fháil?
- Ba mhaith liom/linn é sin a dhéanamh arís.
- An mbeidh damhsa eile againn?

"Tá muid réidh le tosnú"

**Curtha le chéile ag Foireann na Gaeilge,
Clár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile.
Tuilleadh eolais: www.pcsp.ie.
Fístéipeanna den damhsa tíre ar fáil
www.activeschoolawards.ie**